Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Márta 2021**
**(OR. en)**

**7251/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0211(COD)**

**GAF 28**
**FIN 197**
**UD 103**
**AGRI 154**
**ENFOCUSTOM 38**
**JAI 305**
**ENFOPOL 106**
**EPPO 23**
**CADREFIN 146**
**CODEC 434**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Márta 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 149 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle maidir le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 149 final.

Faoi iamh: COM(2021) 149 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 22.3.2021
COM(2021) 149 final

2018/0211 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle maidir le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

2018/0211 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis**

**an seasamh ón gComhairle maidir le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Clár Frith-Chalaoise an Aontais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2018) 386 final – 2018/0211 COD): | 30 Bealtaine 2018 |
| Dáta na Tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 17 Deireadh Fómhair 2018 |
| Dáta na Tuairime ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa | 15 Samhain 2018 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 12 Feabhra 2019 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 16 Márta 2021 |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

I gcomhthéacs an ullmhúcháin don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile (CAI, 2021-2027), tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Clár Frith-Chalaoise a bhunú. Tá dhá chuspóir ghinearálta ag an gClár:

(1) Leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh a chosaint;

(2) Tacú le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart.

Ag eascairt go díreach as na cuspóirí ginearálta, beidh trí chuspóir shonracha ag an gClár:

(1) Calaois agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a chosc agus a chomhrac;

(2) Tacú le tuairisciú neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, maidir le cistí bainistíochta comhroinnte agus cistí cúnaimh réamhaontachais bhuiséad an Aontais;

(3) Uirlisí a sholáthar le haghaidh malartú faisnéise agus tacaíocht a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí oibríochtúla i réimse an chúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh in ábhair chustaim agus ábhair thalmhaíochta.

Leis an gClár Frith-Chalaoise leanfar, den chuid is mó, lena bhfuil ar siúl faoin gclár caiteachais Hercule III atá i bhfeidhm faoi láthair, ar clár é lena dtacaítear le gníomhaíochtaí in aghaidh calaoise agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais, agus é a chur leis an mbonn maoiniúcháin le haghaidh dhá ghníomhaíocht oibríochtúla:

(1) An Córas Faisnéise Frith-Chalaoise (AFIS), arb éard atá ann gníomhaíocht oibríochtúil ina bhfuil tacar feidhmchlár custaim TF arna bhainistiú ag an gCoimisiún chun cúraimí, a chuirtear air le Rialachán 515/97 maidir le cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim agus in ábhair thalmhaíochta, a dhéanamh; agus,

(2) An Córas Bainistíochta Neamhrialtachtaí (IMS), chun go ndéanfaidh na Ballstáit tuairisciú ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí arna mbrath agus chun go ndéanfaidh an Coimisiún bainistíocht agus anailís ar na neamhrialtachtaí sin.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

Leis an seasamh ón gComhairle arna ghlacadh ar an gcéad léamh, léirítear go hiomlán an comhaontú ar thángthas air ag an g*cruinniú tríthaobhach* idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, cruinniú a tugadh i gcrích an 8 Nollaig 2020. Maidir le príomhphointí an chomhaontaithe sin, áirítear an méid seo a leanas:

– Is é EUR 181 207 000, de réir praghsanna reatha, a bheidh san imchlúdach airgeadais don Chlár;

– Ba cheart an Clár a bhunú ar feadh ré chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, ré a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2020/2093 ón gComhairle;

– Déantar foráil ann maidir le glacadh na gclár oibre trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme gan nós imeachta coiste, foráil a bhaineann amach an chothromaíocht cheart idir na ceanglais nós imeachta agus méid an Chláir;

– Déantar foráil ann maidir le miondealú táscach ar an imchlúdach airgeadais idir trí chomhpháirt den chlár agus maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí méideanna a ath-leithdháileadh idir na trí chomhpháirt den Chlár más gá;

– Déantar foráil ann maidir le huasteorainn 2 % le haghaidh caiteachas ar chúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha;

– Tá liosta neamh-uileghabhálach ann de ghníomhaíochtaí is incháilithe do dheontais agus bunaítear leis uasrátaí cómhaoiniúcháin do dheontais 80 % de na costais incháilithe, ráta is féidir a mhéadú go huasráta 90 % de na costais incháilithe;

- Déantar foráil ann maidir le tarmligean cumhachtaí chuig an gCoimisiún chun creat faireacháin agus meastóireachta de chuid an Chláir a bhunú agus chun Iarscríbhinn II a leasú, iarscríbhinn ina bhfuil liosta táscairí faireacháin;
- Tugtar isteach leis an ceanglas ar an gCoimisiún tuairisciú, ar bhonn bliantúil, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmíocht an Chláir faoi chuimsiú na tuarascála maidir le Leasanna Airgeadais an Aontais a Chosaint. Ba cheart don Choimisiún moltaí ó Pharlaimint na hEorpa a dhéantar sa chomhthéacs sin a chur san áireamh;
- Tugtar isteach leis forálacha maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Chláir ón 1 Eanáir 2021 chun gur féidir leanúint de na gníomhaíochtaí arna gcistiú ag an gClár.

## 4. CONCLÚID

Glacann an Coimisiún leis an seasamh ón gComhairle.